# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2016

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eolaíocht

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

| TÁBLA LE GRÁID A SHANNADH | |
|---|---|
| **GRÁD** | **RÉIMSE** |
| **A** | 510 - 600 |
| **B** | 420 - 509 |
| **C** | 330 - 419 |
| **D** | 240 - 329 |
| **E** | 150 - 239 |
| **F** | 60 - 149 |
| **NG** | 0 - 59 |

## TREOIRLÍNTE DO SCRÚDAIHTEOIRÍ

**Pointí ginearálta maidir leis an Scéim Mharcála do Scrúdú Eolaíochta an Teastais Shóisearaigh**

**1.** I mórán cásanna, ní thugtar ach príomhfhrásaí sa scéim mharcála. Sna pointí seo tá an fhaisnéis agus na smaointe is gá a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a shaothrú.

**2.** Níl na tuairiscí, modhanna agus sainmhínithe a thugtar i scéim mharcála uileghabhálach agus tá freagraí bailí malartacha inghlactha.

**3.** Tá na mionsonraí is gá i bhfreagra ar bith deimhnithe ag an gcomhthéacs agus ag an tslí ina gcuirtear an cheist agus ag líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar. D'fhéadfadh sé seo athrú ó bhliain go bliain.

**4.** Léiríonn an focal (na focail) / an frása (na frásaí) a úsáidtear sa scéim na pointí riachtanacha a theastaíonn i bhfreagra an iarrthóra. Scarann soladas dúbailte (//) pointí dá bhfuil marcanna ar leith bronnta i gcuid den cheist. Is iad focail, nathanna nó ráitis atá scartha ag soladas (/) roghanna malartacha atá chomh-inghlactha céanna maidir le pointe áirithe. Tá focal nó frása idir lúibíní ina mhalairt inghlactha don fhocal nó don fhrása roimhe. Tabhair do d’aire, áfach, nach mór focail, nathanna nó frásaí a úsáid i gceart sa chomhthéacs agus gan iad a bheith bréagnaithe. I gcás ina bhfuil fianaise ann ar úsáid mhícheart nó ar bhréagnú, ní féidir na marcanna a bhronnadh.

**5.** Tríd is tríd, tá ainmneacha agus foirmlí na n-eilimintí agus na gcomhshuíomhanna chomh-inghlactha céanna, seachas i gcásanna ina n-iarrtar go sonrach sa cheist ceachtar an t-ainm nó an fhoirmle. Mar sin féin, i gcásanna áirithe ina n-iarrtar an t-ainm, d’fhéadfadh an fhoirmle a bheith inghlactha mar mhalairt. Déantar é seo a shoiléiriú laistigh den scéim.

**6.** Tá asbhaint de mharc amháin i gceist do gach botún uimhríochta a dhéanann iarrthóir i ríomh. Más rud é go n-úsáidtear an luach ríofa mícheart i ríomh ina dhiaidh sin 'go gceart', ceadaigh na marcanna maidir leis an ríomh ina dhiaidh sin.

**7. Freagraí Curtha ar Ceal & / nó Athdhéanta**

(a) Maidir le ceisteanna gearrfhreagraí, má dhéantar freagra a chur ar ceal agus má thugtar dara freagra, glactar leis an gcealú agus bronntar marcanna don fhreagra neamhchealaithe.

(b) Más rud é go dtugtar níos mó ná an méid riachtanach d’fhreagraí (neamhchealaithe), déanann na freagraí breise míchearta na marcanna a bronnadh do na freagraí cearta a chur ar ceal.

(c) Má dhéantar an t-aon fhreagra amháin a thugtar a chur ar ceal, déantar neamhaird den chealú agus déantar an freagra a mharcáil mar is gnách. Mar sin féin, i gceisteanna den chineál MCQ, tá cealú d’fhreagra mícheart agus ceart i bhfeidhm.

Maidir le freagraí a thabhairt ar "déan cur síos ar fhiosrú / ar thurgnamh", déileálfar le iarrachtaí iolracha mar seo a leanas:
Má fhreagraíonn iarrthóir ceist nó cuid de cheist uair amháin, agus ina dhiaidh sin cuireann sé ar ceal é, déantar neamhaird den chealú agus déantar an freagra a mharcáil mar is gnách. Má fhreagraíonn iarrthóir ceist nó cuid de cheist níos mó ná uair amháin agus ina dhiaidh sin cuireann sé iarracht amháin ar ceal, déantar neamhaird den chealú agus déantar na freagraí go

léir a mharcáil mar is gnách, cibé acu ar cuireadh ar ceal iad nó nár cuireadh. Mar sin féin, ní áireofar ach na marcanna a fuarthas i ndáil leis an iarracht scórála is airde. Ní féidir pointí a "mheascadh agus a mheaitseáil ó dhá iarracht". Ba cheart na marcanna dhícheadaithe a chur i lúibíní cearnacha.

**8. Marc nialais a thaifeadadh**

Níor cheart marc nialais a thaifeadadh ach amháin i ngreille na gceisteanna sa chás go ndearna an t-iarrthóir iarracht an cheist a fhreagairt, ach nach saothraítear aon mharcanna.

*Ná cuir marc nialais isteach i ndáil le comhpháirteanna scrúdaithe nár cuireadh i láthair.

Mura ndéanann iarrthóir iarracht ar cheist (nó ar chuid de cheist) breac síos dais –.

**9. Asbhaint de mharcanna i ndáil le léaráidí lipéadaithe a fágadh ar lár**

Bronn marcanna sa ghnáthshlí. Ina dhiaidh sin, bain úsáid as lúibíní cearnóga [ ] chun na marcanna a asbhaint.

**10. As scéim mharcála a chur chun feidhme**

Cuir an scéim mharcála chun feidhme mar a bhí comhaontaithe.
Ba chóir do scrúdaitheoirí marcanna a chur isteach i gColún 1 'Úsáid scrúdaitheoirí amháin'.
Ba chóir do Scrúdaitheoirí Comhairleacha Colún 1 a úsáid freisin.
Tá Colún 2 d'úsáid Scrúdaitheoirí Achomhairc.
Ba chóir marcanna dícheadaithe a chur idir lúibíní cearnóga, i.e. '[ ]'.

**11. Aistriú marcanna**

Ba chóir na marcanna go léir a aistriú chuig an ngreille ar leathanach clúdaigh an scrúdpháipéir.

Ba chóir iomlán na marcanna a ríomh, agus an bónas as ucht freagairt trí Ghaeilge a bhronnadh mar is ábhartha.

**12. Bónas as ucht freagairt trí Ghaeilge**

Bronnfar marcanna bónais ar an ráta 10% de na marcanna a fuarthas sa pháipéar scríofa d'iarrthóir a fhreagraíonn an páipéar scríofa go hiomlán trí Ghaeilge agus a fhaigheann faoi bhun 75% den mharc iomlán atá ar fáil sa pháipéar scríofa (is é sin níos lú ná 75% de 390). Agus an bónas le cur i bhfeidhm á ríomh, déantar deachúlacha a chothromú síos i gcónaí, ní suas, m.sh., déantar 4 de 4.5; déantar 4 de 4.9, srl. Ní chuirtear aon bhónas i bhfeidhm maidir leis an obair chúrsa. Ba chóir an tábla thíos a úsáid sa chás go mbronntar níos mó ná 75% den mharc iomlán sa pháipéar scríofa don iarrthóir.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**390@10%**

## *Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 390 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 390 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 292 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 293 | 29 |
| 294 - 296 | 28 |
| 297 - 300 | 27 |
| 301 - 303 | 26 |
| 304 - 306 | 25 |
| 307 - 310 | 24 |
| 311 - 313 | 23 |
| 314 - 316 | 22 |
| 317 - 320 | 21 |
| 321 - 323 | 20 |
| 324 - 326 | 19 |
| 327 - 330 | 18 |
| 331 - 333 | 17 |
| 334 - 336 | 16 |
| 337 - 340 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 341 - 343 | 14 |
| 344 - 346 | 13 |
| 347 - 350 | 12 |
| 351 - 353 | 11 |
| 354 - 356 | 10 |
| 357 - 360 | 9 |
| 361 - 363 | 8 |
| 364 - 366 | 7 |
| 367 - 370 | 6 |
| 371 - 373 | 5 |
| 374 - 376 | 4 |
| 377 - 380 | 3 |
| 381 - 383 | 2 |
| 384 - 386 | 1 |
| 387 - 390 | 0 |

# Scrúdú an Teastais Shóisearaigh

# EOLAÍOCHT

## Ardleibhéal

**PÁIPÉAR AN SCRÚDAITHE SCRÍOFA**

**Trí Roinn: Bitheolaíocht, Ceimic agus Fisic; ní mór d'iarrthóirí *gach* ceist a fhreagairt.**

| | |
|---|---|
| **Bitheolaíocht** | Ceist 1 (52 marc); Ceist 2 (39 marc); Ceist 3 (39 marc) |
| **Ceimic** | Ceist 4 (52 marc); Ceist 5 (39 marc); Ceist 6 (39 marc) |
| **Fisic** | Ceist 7 (52 marc); Ceist 8 (39 marc); Ceist 9 (39 marc) |

**OBAIR CHÚRSA A**

**Áirigh líon na bhfiosruithe/na dturgnamh bitheolaíochta éigeantacha éilithe ar leathanach 5 a bhfuil tic curtha leo (✓). Breac an uimhir seo síos sa bhosca ar leathanach 5 de bhileog na hOibre Cúrsa agus cuir isteach í i ngreille A na hOibre Cúrsa ar an leathanach clúdaigh.**

**Áirigh líon na bhfiosruithe/na dturgnamh ceimice éigeantacha éilithe ar leathanach 6 a bhfuil tic curtha leo (✓). Breac an uimhir seo síos sa bhosca ar leathanach 6 de bhileog na hOibre Cúrsa agus cuir isteach í i ngreille A na hOibre Cúrsa ar an leathanach clúdaigh.**

**Áirigh líon na bhfiosruithe/na dturgnamh fisice éigeantacha éilithe ar leathanach 7 a bhfuil tic curtha leo (✓). Breac an uimhir seo síos sa bhosca ar leathanach 7 de bhileog na hOibre Cúrsa agus cuir isteach í i ngreille A na hOibre Cúrsa ar an leathanach clúdaigh.**

**Áirigh líon iomlán na bhfiosruithe/na dturgnamh éilithe agus bronn 2 mharc in aghaidh an fhiosrúcháin/an turgnaimh chuig méid nach sáraíonn uasmhéid de 60 marc.**

**OBAIR CHÚRSA B**

**Marcáil na fiosruithe ainmnithe SEC de réir an chritéir a comhaontaíodh. Cuir isteach na marcanna do gach roinn i ngreille B na hOibre Cúrsa ar an leathanach clúdaigh de bhileog na hoibre cúrsa.**

***nó***

**Marcáil an fiosrúchán ainmnithe ag an iarrthóir de réir an chritéir a comhaontaíodh. Cuir isteach na marcanna do gach roinn i ngreille B na hOibre Cúrsa ar an leathanach clúdaigh de bhileog na hoibre cúrsa.**

**OBAIR CHÚRSA A & B**

**Aistrigh na marcanna iomlána a bronnadh do Obair Chúrsa A agus do Obair Chúrsa B chuig an ngreille ar an leathanach clúdaigh de leabhrán freagraí an scrúdaithe.**

**EOLAÍOCHT ARDLEIBHÉAL 2016**

**Scéim Mharcála go hachomair**

## BITHEOLAÍOCHT

| | | |
|---|---|---|
| Ceist 1 | $(7 \times 6 + 1 \times 10)$ | |
| Ceist 2 | (*a*) | (12) |
| | (*b*) | (12) |
| | (*c*) | (15) |
| Ceist 3 | (*a*) | (12) |
| | (*b*) | (6) |
| | (*c*) | (21) |

## CEIMIC

| | | |
|---|---|---|
| Ceist 4 | $(7 \times 6 + 1 \times 10)$ | |
| Ceist 5 | (*a*) | (18) |
| | (*b*) | (9) |
| | (*c*) | (12) |
| Ceist 6 | (*a*) | (6) |
| | (*b*) | (9) |
| | (*c*) | (24) |

## FISIC

| | | |
|---|---|---|
| Ceist 7 | $(7 \times 6 + 1 \times 10)$ | |
| Ceist 8 | (*a*) | (9) |
| | (*b*) | (9) |
| | (*c*) | (21) |
| Ceist 9 | (*a*) | (12) |
| | (*b*) | (9) |
| | (c) | (18) |

**Bitheolaíocht (130 MARC)**

**Ceist 1** (52)

(*a*)(*i*) matán / tacaíochta / fuil / cnámh / teannán / ballnasc / eipitéiliach / néarfhíochán, srl. (3)

[ná glac le horgán ainmnithe *nó* fíochán orgáin, m.sh. fíochán inchinne]

(*ii*) grúpa fíochán ag obair le chéile (fíocháin a bhfuil comhfheidhm acu) (3)

(*b*)(*i*) rud beo (orgánach) nach bhfuil infheicthe ag an tsúil (tá sé infheicthe le micreascóp) (3)

(*ii*) táirgeadh cáise (iógart / alcól / inslin) / déanamh aráin, srl (3)

[bronn marcanna do bhianna géinmhodhnaithe]

(*c*) **A**: an t-artaire scamhógach (3)

**B**: an t-aorta (3)

(*d*)(*i*) an t-artaire duánach (3)

(*ii*) an t-úiréadar (na húiréadair) (3)

(*e*)(*i*) dé-ocsaíd charbóin // uisce (3)

(*ii*) aoluisce / aol / ocsaíd chailciam hiodrocsaíd chailciam // clóiríd chóbailt ainhidriúil / sulfáit chopair ainhidriúil

[*ní mór freagraí a mheaitseáil*] [ceadaigh: clóiríd chóbailt / sulfáit chopair] (3)

(*f*) (*i*) fótatrópacht (3)

(*ii*) <u>tuilleadh</u> solais le haghaidh fótaisintéise (déanamh bia) (3)

(*g*) (*i*) iaidín (3)

(*ii*) triomú sampla a chosc / caisniú sampla a chosc (coinníonn sé an sampla réidh) / coisceann sé damáiste don lionsa / cosnaíonn sé an sampla, srl (3)

(*h*)(*i*) Benedict / Fehling

(*ii*) téigh [ná glac le bruith]

(*iii*) gorm go dearg / oráiste

(*iv*) uisce *nó* tuaslagán nach bhfuil siúcra dí-ocsaídithe ann níor breathnaíodh aon athrú sa dath } **(4 + 2 + 2 +2)**

**Ceist 2** (39)

(*a*)(*i*) goile (3)

(*ii*) déanann sé domlas / ionad díthocsainithe / briseann se síos próitéiní / rialaíonn sé teocht an choirp / stórálann sé glicigin / briseann se síos fuilchealla dearga, srl (3)

(*iii*) ath-ionsú (ionsú) uisce (mianraí, salainn, vitimíní) / iompraíonn (cruthaíonn, stórálann) sí faecas (fuíll) / freastalaíonn sí do bhaictéir (miocrorgánaigh) úsáideacha, srl (3)

[ní leor ath-ionsú cothaitheach leis féin]

(*iv*) béal / goile / stéig bheag (3)

(*b*)(*i*) húiméireas (3)

(*ii*) glúin / méara / ladhracha / giall (3)

(*iii*) ceanglaíonn sé matán leis an gcnámh (3)

(*iv*) síneann an ghéag láimhe / íslíonn an rí (ga agus ulna) / ligeann **X** (3)


(*c*)(*i*) míostrú (briseadh síos / caitheamh líneáil an útarais) / fuil mhíosta / fuiliú (3)

(*ii*) nuair is féidir toircheas (giniúint / toirchiú) a tharlú / tarlaíonn ubhsceitheadh (3)

(*iii*) comhleánn (comhcheanglaíonn) sí le speirm [ceadaigh cruthaíonn sí siogót] (3)

(*iv*) **F** ar shaighead an fheadáin fhallópaigh (3)

**P** ar shaighead an útarais (3)



**Ceist 3** (39)

(*a*)(*i*) **Táirgeoir**: féar (3)

**Dianscaoiltear**: ciaróg / cláirseach (3)

(*ii*) Gnáthóg ainmnithe **(1)**

Orgánach ó ghnáthóg ainmnithe **(1)**

Ainm nó cur síos ar an oiriúnú //
Conas atá oiriúnú ina chuidiú leis an orgánach chun maireachtáil sa ghnáthóg **(2 × 2)**
[ní mór oiriúnú orgánach a mheaitseáil]

(*b*)(*i*) xiléim (3)

(*ii*) stóráil bhia / déanamh bia (fótaisintéis) / malartú gáis / atáirgeadh éighnéasach (3)

(*c*) (*i*) **A**: síolchóta (3)

**B**: soláthar bia (stór / foinse) [ceadaigh inspeirm] / cotailéadón (síolduillí) (3)

(*ii*) fréamh (3)

(*iii*) **B** (3)

chun ocsaigin a bhaint as (3)

(*iv*) **Seiceamar**: gaoth (3)

**Sú talún**: ainmhí (3)

## Ceimic (130 MARC)

**Ceist 4** (52)

(*a*)(*i*) meascán miotal / meascán de mhiotal agus dúil eile (3)

(*ii*) cré-umha / prás / sádar, srl (3)

(*b*)(*i*) gual / ola / gás (meatán) / móin (scraith) (3)

(*ii*) dé-ocsaíd charbóin / uisce (3)

(*c*) **Au**: ór **(2)**

**Cu**: copar **(2)**

**Fe**: iarann **(2)**

(*d*)(*i*) leictrealú (3)

(*ii*) $O_2$ (3)

(*e*) In aon ord:

meirgiú iarainn (3)

dó páipéir (3)

(*f*) (*i*) méadar pH // táscaire uilíoch (páipéar pH) **(2)**

pH a léamh // déan comparáid le cairt dathanna **(2)**

(*ii*) hiodrocsaíd sóidiam / sóid aráin / bonn (alcaile) **(2)**

[ná glac le tuarthóir / glantóir fuinneog]

(*g*)(*i*) sinc / alúmanam / cailciam / miotal bailí ainmnithe [glac le siombailí] (3)

(*ii*) hidrigin (3)

(*h*)(*i*) aon dhá cheann as:

sóidiam / potaisiam / litiam / rubaidiam / caeisiam / frainciam

(*ii*) bog / éasca a ghearradh / dlús níos lú ná uisce / glasta ar ghearradh (murtallach ar nochtadh) / leáphointe íseal

(*iii*) an-imoibríoch / leictreon amháin sa bhlaosc amuigh / frithghníomhaíonn sí go bríomhar (go tapa) le hocsaigin (uisce) / cailleann sí leictreon amháin in imoibrithe ceimiceacha (cruthaíonn sí ian deimhneach) / teimhlíonn sí go tapa ar nochtadh

**(4 + 2 + 2 + 2)**

**Ceist 5** (39)

(*a*)(*i*) **B** (3)

(*ii*) an méid céanna uisce / an méid céanna ama (fuinneamh, croitheadh) / calóga geallúnaigh den mhéid céanna / aon fhreagra bailí (3)

(*iii*) cailciam (Ca) / maignéisiam (Mg) (3)

(*iv*) **Luaigh *nó* taispeáin**

modh le huisce a bhruith (a ghalú) +
modh le huisce a fhuarú (a chomhdhlúthú) +
modh le huisce glan a bhailiú

[Gan léaráid lipéadaithe – bain 3 mharc as] **(9)**

(*b*)(*i*) tuaslagach (3)

(*ii*) sáithithe (3)

(*iii*) an tuaslagán a théamh / cuir tuilleadh uisce leis (tuaslagach) [ná glac le bruith] (3)

(*c*)(*i*) sárocsaíd hidrigine (3)

(*ii*) éadathach (3)

(*iii*) catalaíoch (3)

(*iv*) neodrach (pH 7) / níl aigéadach nó bunúsach (3)

**Ceist 6** (39)

(*a*)(*i*) marthanach / daite go geal / éasca a ní / dlús íseal / éadrom / riosca níos lú gortaithe ó bhristeacha / deacair a bhriseadh / éasca a oibriú (a múnlú) / solúbtha (éasca a lúbadh) / neamhthocsaineach, srl (3)

(*ii*) amhola (3)

(*b*) **A** = gás (3)

**B** = leacht (3)

**C** = solad (3)

(*c*)(*i*) tábla peiriadach / leabhrán foirmle agus táblaí (táblaí loga) / téacsleabhar / idirlíon (suíomh gréasáin ainmnithe) / múinteoir / aon fhoinse bailí **(2)**

(*ii*)

| Cáithnín | Líon | Suíomh |
|---|---|---|
| **Prótón** | **9** | **Núicléas** |
| **Neodrón** | **10** | **Núicléas** |
| **Leictreon** | **9** | Néal leictreon |

**(2 + 2 + 2 + 2 + 2)**

(*iii*) clóirín / bróimín / iaidín / astaitín / únúinseiptiam (tennessine) (3)

(*iv*) aomadh idir iain luchtaithe go codarsnach / aistriú de leictreoin idir adaimh **(6)**

(*v*) dé-ocsaíd charbóin / meatán / uisce / aon sampla bailí (3)

**Fisic (130 MARC)**

| | | |
|---|---|---|
| **Ceist 7** | | (52) |
| (*a*)(*i*) | 2000 N m (J) | **(6)** |
| | (250 × 8) N m (J) | (botún – 1) |
| (*b*)(*i*) | teas folaigh / athrú staide | (3) |
| (*ii*) | 42 º C | (3) |
| (*c*)(*i*) | na poil Thuaidh agus Theas | (3) |
| (*ii*) | treo | (3) |
| (*d*)(*i*) | lasann an LED | (3) |
| (*ii*) | ní lasfadh an LED | (3) |
| (*e*)(i) | ceimiceán | (3) |
| (*ii*) | poitéinseal go cinéiteach | (3) |
| (*f*) | níos mó dlúis / tá níos lú dlúis ag A | (3) |
| | níos lú dlúis / tá níos mó dlúis ag A | (3) |
| (*g*) | taistealaíonn solas níos tapa | (3) |
| | ná fuaim | (3) |
| (*h*)(*i*) | 979 | |
| (*ii*) | mar an gcéanna / cothrom | |
| (*iii*) | lár **X** aon áit thíos faoin bhfronta (sa réigiún H) | |
| (*iv*) | baraiméadar | |
| | | **(4 + 2 + 2 + 2)** |

**Ceist 8** (39)

(*a*)(*i*) céir / glóthach pheitriliam (veasailín), srl (3)

(ii) **copar**: an seoltóir is fearr / an t-inslitheoir is measa / is tapa in aistriú teasa (3)

**gloine**: an seoltóir is measa / an t-inslitheoir is fearr / is moille in aistriú teasa (3)

(*b*)(*i*) an liathróid a théimh (3)

(*ii*) iarracht a dhéanamh an liathróid a chur tríd an bhfáinne agus ní rachaidh sí tríd (3)

(*iii*) an liathróid a fhuarú (3)

(*c*)(*i*) **Luaigh *nó* taispeáin** [ná gearr pionós mura dtugtar léaráid]

Croch an píosa cairtchláir le rothlú go saor thar phointe agus croch meáchan ón bpointe seo agus marcáil an líne } (3)

Rothlaigh an cairtchlár agus déan athuair (3)

Is é an meáchanlár an áit a dtagann na línte le chéile **luaite *nó* lipéadaithe go soiléir sa léaráid** (3)

*nó*

**Luaigh *nó* taispeáin** [ná gearr pionós mura dtugtar léaráid]

Sleamhnaigh an píosa cairtchláir go dtí go bhfuil sé ar tí titim ó thábla agus marcáil líne feadh an chairtchláir atá comhfhreagrach le himeall tábla } (3)

Rothlaigh an cairtchlár agus déan athuair (3)

Is é an meáchanlár an áit a dtagann na línte le chéile **luaite *nó* lipéadaithe go soiléir sa léaráid** (3)

*nó*

**[Tá uasmhéid de 6 mharc ag gabháil leis an modh seo a leanas]**

**Luaigh *nó* taispeáin** [Ná gearr pionós mura dtugtar léaráid]

Cuir an píosa cairtchláir ar rud (méar) rinneach (tanaí) agus Gluais an cairtchlár chun an pointe cothromaíochta a aimsiú } (3)

Is é an meáchanlár an pointe cothromaíochta **luaite *nó* lipéadaithe go soiléir sa léaráid** (3)

(*ii*) meáchanlár íseal (níos ísle) / bonn níos leithne i gcoibhneas na hairde (3)

(*iii*) **B** (3)

tá an mhóimint ar clé (tuathalach) cothrom le (níos mó ná) an mhóimint ar dheis (deiseal) /

tá an táirge fórsa ag fad ar clé cothrom le (níos mó ná) an táirge fórsa ag fad ar dheis /

tá na móimintí ar clé agus ar dheis (móimintí ag A agus ag C) cothrom (ar comhfhad) **(6)**

**Ceist 9** (39)


(*a*)(*i*) athraonadh (3)

(*ii*) spré (3)

(*iii*) speictream (3)

(*iv*) dearg (3)

(*b*) (*i*)



ceallra
bolgán / LED / dordánaí / aimpmhéadar } i gciorcad
bearna / sampla

ciorcad ceart oibre agus siombailí cearta á n-úsáid *nó* líníocht cheart oibre den suiteáil agus comhpháirt amháin ar a laghad lipéadaithe mar is ceart **(6)**

[níl aon mharcanna i bpáirt ar fáil]

(*ii*) lasfar an bolgán (LED / dordánaí / aimpmhéadar) (beidh fuaim ann / taispeánfar léamh) nuair a chuirfear seoltóir sa bhearna sa chiorcad (3)

(*c*) (*i*) gach ceann de na sé phointe breactha go ceart (3)

líne mhín chuartha trí gach pointe (3)

[ná bronn aon mharcanna do línte díreacha a cheanglaíonn cuid de na poncanna *nó* iad go léir.]

(*ii*) 19 ± 0.5 / freagra comhsheasmhach leis an ngraf ± 0.5 (3)

(*iii*) 14 m/s (m $s^{-1}$) (3)

56 ÷ 4 m/s (m $s^{-1}$) (botún –1)

(*iv*) tá treo ag treoluas / is veicteoir é treoluas / is luas é treoluas i dtreo ar leith / tá méadaíocht agus treo ag treoluas / níl aon treo ag luas / is scálach é luas / níl ach méadaíocht ag luas / is díláithriú thar am é treoluas ach is fad thar am é luas **(6)**

[ceadaigh tá 'aon treo' ag luas le haghaidh 6 mharc]

**Critéir Mharcála do Obair Chúrsa B (AL) - BITHEOLAÍOCHT**

<table>
<tr><th></th><th>Treoir maidir le bronnadh marcanna</th><th></th></tr>
<tr><td>Iomlán na Marcanna</td><td>Déan fiosrúchán chun comparáid a dhéanamh idir iarmhairt chainníochtúil (a) athrú ar an bhfad a mhaireann aclaíocht éadrom fhisiceach, agus (b) athrú ar an am a d’imigh thart ó stad an aclaíocht, do ráta cuisle duine.</td><td>Bronnadh Marcanna</td></tr>
<tr><td>5</td><td><u>Réamhrá leis an bhfiosrú</u><br><br>1 (i) Ráiteas/aitheantas faidhbe/an t-ábhar le fiosrú<br><br>1 (ii) Taighde cúlra<br>Aon tagairt <u>amháin</u> do leabhar nó don idirlíon nó do dhuine a thug comhairle nó d’fhianaise de thaighde</td><td><br><br>(2)<br><br>(3)</td></tr>
<tr><td>20</td><td><u>Ullmhú agus pleanáil</u><br><br>2 (i) Aithin aon athróga ábhartha agus rialuithe riachtanacha<br>Aithin <u>cúig</u> athróg (<u>trí</u> athróg éigeantacha & <u>dhá</u> athróg ar bith eile) agus/nó léirigh conas is gá cuid acu siúd a rialú nó a choinneáil seasta<br><br>Athróga éigeantacha<br>• fad (na haclaíochta éadroma)<br>• am (a chuaigh thart ó tugadh an aclaíocht chun deiridh)<br>• ráta cuisle [ceadaigh croíráta ]<br><br>Athróga eile (aon dhá cheann)<br>• an cineál aclaíochta<br>• ráta (déine) na haclaíochta<br>• modh / fad na scíthe tar éis aclaíochta / ráta cuisle bunaidh (scíth)<br>• an duine aonair á thástáil<br>• teocht na timpeallachta nó am an lae nó na héadaí á gcaitheamh<br>• suíomh na cuisle (gathach, méar, srl) nó an modh chun an ráta cuisle a thomhas<br>• minicíocht de léamh an ráta cuisle<br><br>2 (ii) Liosta an trealaimh atá ag teastáil le haghaidh an fhiosraithe<br>Aithin aon <u>trí</u> phíosa trealaimh atá cuí don nós imeachta<br><br>2 (iii) Liosta na dtascanna le déanamh le linn an fhiosraithe<br>Aithin aon <u>cheithre</u> thasc a rinneadh san fhiosrú<br>• roghnaigh modh chun an cuisle a thomhas nó ullmhaigh chun an cuisle a thomhas<br>• tomhais (breac síos) an ráta cuisle scíthe<br>• aclaíocht<br>• tomhais an ráta cuisle (tar éis aclaíochta)<br>• déan athuair d’fhaid éagsúla aclaíochta<br>• tomhais an ráta cuisle ar eatraimh chuí ama tar éis na haclaíochta a thabhairt chun deiridh<br>• breac síos nó graf na sonraí</td><td>(2 + 2 + 2)<br><br>(2 + 2)<br><br>(2 + 2 + 1)<br><br>(1 + 1 + 1 + 2)</td></tr>
<tr><td>20</td><td><u>Nós imeachta, Fearas, Sábháilteacht, Bailiú Sonraí / Breathnóireachtaí</u><br><br>3 (i) Réamhchúraim shábháilteachta<br>Aithin aon <u>dhá</u> réamhchúram sábháilteachta ar leith a cuireadh i bhfeidhm</td><td>(2 + 3)</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| | **3 (ii) & (iii) An nós imeachta a úsáideadh san fhiosrú** *(luaigh nó taispeáin)*<br><br>*Aithin aon <u>seacht</u> gcéim a glacadh i ndéanamh an fhiosraithe*<br>• tagairt don mhodh leis an ráta cuisle a thomhas<br>• tomhais (breac síos) ráta cuisle scíthe an duine aonair *nó* do ráta féin<br>• déan athuair agus ríomh an meánráta cuisle scíthe<br>• aclaíocht éadrom a rinneadh<br>• breac síos (glac nóta) fad na haclaíochta<br>• an ráta cuisle a taifeadadh ag deireadh na tréimhse aclaíochta<br>• lig don ráta cuisle dul siar chuig an ráta scíthe<br>• déan an aclaíocht athuair ag faid éagsúla ama<br>• ag tosú le ráta cuisle a ardaíodh trí aclaíocht, léigh an ráta cuisle ar eatraimh tar éis na haclaíochta a thabhairt chun deiridh<br>• breac síos (glac nóta) an méid ama a chuaigh thart ó tugadh an aclaíocht chun deiridh<br>• déan athuair chun na sonraí a dheimhniú<br>• breac síos *nó* graf na sonraí<br><br>**3 (iv) Sonraí / Breathnóireachtaí a Taifeadadh**<br>*Aithin <u>dhá</u> thacar sonraí*<br>• éifeacht ag fad na haclaíochta ar an ráta cuisle<br>• éifeacht ag an am a chuaigh thart tar éis aclaíochta ar an ráta cuisle | (1+ 1 + 1 + 1)<br>+<br>(2 + 2 + 2)<br><br><br>(2 + 3) |
| **20** | **<u>Anailís</u>**<br><br>**4 (i) Ríomhanna / Anailís ar Shonraí**<br>*Anailís ábhartha ar shonraí nó ar ríomhanna nó ar ghraf (ghraif)*<br>• Ionramháil **ar fheabhas** de dhá thacar sonraí agus 3 phointe sonraí ar a laghad i ngach sraith *ag baint úsáide as* graif chruinne / ríomhanna cearta / ráitis soiléire ar anailís ar shonraí<br>• Ionramháil **mhaith** de dhá thacar sonraí agus 3 phointe sonraí ar a laghad i ngach sraith *ag baint úsáide as* graif / ríomhanna / ráitis ar anailís ar shonraí neamhiomlána<br>• Ionramháil **theoranta** de thacar sonraí amháin agus 3 phointe sonraí ar a laghad ann *ag baint úsáide as* graif / ríomhanna / ráiteas ar anailís ar shonraí<br><br>**4 (ii) Conclúid(í) agus Measúnú ar Thoradh (Thorthaí)**<br>*Conclúid(í) ábhartha bainte amach agus measúnú ar thoradh (thorthaí)*<br>• Láimhseáil **ar fheabhas** (ráitis soiléire, tacaithe faoin dá thacar sonraí)<br>• Láimhseáil **mhaith** (ráitis faoin dá thacar sonraí, nach bhfuil go hiomlán soiléir *nó* go hiomlán tacaithe)<br>• Láimhseáil **theoranta** (ráitis soiléire, tacaithe faoi thacar sonraí amháin) | (10)<br><br>(7)<br><br>(4)<br><br>**Ach amháin má dhéantar iarracht ar 3(iv) agus/nó 4(i)**<br>(10)<br><br>(7)<br><br>(4) |
| **10** | **<u>Nótaí Tráchta</u>**<br>*Aon <u>dhá</u> nóta tráchta ar mhionchoigeartú (nó feabhsúchán) nó breisiú (nó cur chun feidhme féideartha) nó foinse earráide, srl.*<br>• Tuiscint ar fheabhas<br>• Tuiscint mhaith<br>• Tuiscint theoranta | (5)<br>(3) } × 2<br>(1) |

## Critéir Mharcála do Obair Chúrsa B (Ardleibhéal) - CEIMIC

| | **Treoir maidir le bronnadh marcanna** | |
|---|---|---|
| **Iomlán na Marcanna** | Déan fiosrúchán chun comparáid a dhéanamh idir iarmhairt chainníochtúil (a) athrú ar achar dromchla na biabhóige, agus (b) athrú ar theocht an tuaslagáin, do ráta an imoibriúcháin (a thomhaistear de réir an ama a ghlacann sé ar an tuaslagán an dath a chailleadh) idir an t-aigéad ocsalach sa bhiabhóg agus tuaslagán caol de shármhanganáit photaisiam (arna aigéadú le haigéad sulfarach). | **Bronnadh Marcanna** |
| 5 | **Réamhrá leis an bhfiosrú**<br><br>**1 (i) Ráiteas/aitheantas faidhbe/an t-ábhar le fiosrú**<br><br>**1 (ii) Taighde cúlra**<br>*Aon tagairt amháin do leabhar nó don idirlíon nó do dhuine a thug comhairle nó d'fhianaise de thaighde* | (2)<br><br>(3) |
| 20 | **Ullmhú agus pleanáil**<br><br>**2 (i) Aithin aon athróga ábhartha agus rialuithe riachtanacha**<br>*Aithin cúig athróg (trí athróg éigeantacha & dhá athróg ar bith eile) agus/nó léirigh conas is gá cuid acu siúd a rialú nó a choinneáil seasta*<br><br>*Athróga éigeantacha*<br>• biabhóg (achar dromchla)<br>• teocht an tuaslagáin<br>• ráta imoibrithe *nó* an t-am leis an meascán imoibrithe a dhídhathú<br><br>*Athróga eile (aon dhá cheann)*<br>• méid (mais, toirt, fad na bpíosaí) biabhóige a úsáideadh<br>• tiúchan an tuaslagáin sármhanganáite potaisiam<br>• toirt an tuaslagáin sármhanganáite potaisiam<br>• aigéadacht an tuaslagáin sármhanganáite potaisiam<br>• modh an mheasctha *nó* méid an mheasctha<br>• foinse na biabhóige *nó* an modh le biabhóg a stóráil roimh úsáid<br>• teocht na timpeallachta (saotharlann) *nó* siorraí *nó* teocht an tseomra<br><br>**2 (ii) Liosta an trealaimh atá ag teastáil le haghaidh an fhiosraithe**<br>*Aithin aon chúig phíosa trealaimh atá cuí don nós imeachta*<br><br>**2 (iii) Liosta na dtascanna le déanamh le linn an fhiosraithe**<br>*Aithin an chéad thasc agus aon trí thasc eile a rinneadh san fhiosrú*<br>• bain úsáid as biabhóg *<br>• faigh tuaslagán sármhanganáite potaisiam<br>• measc an bhiabhóg agus an tuaslagán sármhanganáite potaisiam *nó* a mhalairt air sin<br>• breac síos an t-am dídhathaithe<br>• déan athuair le hachair dhromchla éagsúla de bhiabhóg<br>• déan athuair ag teochtaí éagsúla<br>• breac síos *nó* graf na sonraí | (2 + 2 + 2)<br><br>(2 + 2)<br><br>(1 + 1 + 1 + 1 + 1)<br><br>(2)<br><br>(1 + 1 + 1) |
| 20 | **Nós imeachta, Fearas, Sábháilteacht, Bailiú Sonraí / Breathnóireachtaí**<br><br>**3 (i) Réamhchúraim shábháilteachta**<br>*Aithin aon dhá réamhchúram sábháilteachta ar leith a cuireadh i bhfeidhm* | (2 + 3) |

<table>
<tr><td></td><td>3 (ii) & (iii) An nós imeachta a úsáideadh san fhiosrú (luaigh nó taispeáin)<br><br>Aithin aon <u>seacht</u> gcéim a glacadh i ndéanamh an fhiosraithe<br>• tomhais amach codanna biabhóige ag mais aitheanta (toirt, fad)<br>• nocht achar dromchla ar leith trí ghearradh, mionghearradh nó scamhadh<br>• ullmhaigh sármhanganáit photaisiam aigéadaithe nó tomhais toirt aitheanta de thuaslagán sármhanganáite potaisiam<br>• cuir sármhanganáit photaisiam leis an mbiabhóg nó a mhalairt air sin<br>• tosaigh an t-amadóir<br>• suaith nó measc<br>• tomhais (breac síos) an t-am leis an tuaslagán sármhanganáite potaisiam a dhídhathú<br>• déan athuair le hachair dhromchla éagsúla de bhiabhóg<br>• ag baint úsáide as dabhcha uisce nó eile chun teochtaí éagsúla tuaslagáin a fháil<br>• déan athuair ag teochtaí éagsúla<br>• déan athuair chun na sonraí a dheimhniú<br>• breac síos nó graf na sonraí<br><br>3 (iv) Sonraí / Breathnóireachtaí a Taifeadadh<br>Aithin <u>dhá</u> thacar sonraí<br>• éifeacht le hachar dromchla biabhóige a athrú ar an ráta imoibrithe<br>• éifeacht le teocht an mheascáin imoibrithe a athrú ar an ráta imoibrithe</td><td>(1+ 1 + 1 + 1)<br>+<br>(2 + 2 + 2)<br><br>(2 + 3)</td></tr>
<tr><td>20</td><td><u>Anailís</u><br><br>4 (i) Ríomhanna / Anailís ar Shonraí<br>Anailís ábhartha ar shonraí nó ar ríomhanna nó ar ghraf (ghraif)<br>• Ionramháil ar fheabhas de dhá thacar sonraí agus 3 phointe sonraí ar a laghad i ngach sraith ag baint úsáide as graif chruinne / ríomhanna cearta / ráitis soiléire ar anailís ar shonraí<br>• Ionramháil mhaith de dhá thacar sonraí agus 3 phointe sonraí ar a laghad i ngach sraith ag baint úsáide as graif / ríomhanna / ráitis ar anailís ar shonraí neamhiomlána<br>• Ionramháil theoranta de thacar sonraí amháin agus 3 phointe sonraí ar a laghad ann ag baint úsáide as graif / ríomhanna / ráiteas ar anailís ar shonraí<br><br>4 (ii) Conclúid(í) agus Measúnú ar Thoradh (Thorthaí)<br>Conclúid(í) ábhartha bainte amach agus measúnú ar thoradh (thorthaí)<br>• Láimhseáil ar fheabhas (ráitis soiléire, tacaithe faoin dá thacar sonraí)<br>• Láimhseáil mhaith (ráitis faoin dá thacar sonraí, nach bhfuil go hiomlán soiléir nó go hiomlán tacaithe)<br>• Láimhseáil theoranta (ráitis soiléire, tacaithe faoi thacar sonraí amháin)</td><td>(10)<br><br>(7)<br><br>(4)<br><br>Ach amháin má dhéantar iarracht ar 3(iv) agus/nó 4(i)<br>(10)<br><br>(7)<br><br>(4)</td></tr>
<tr><td>10</td><td><u>Nótaí Tráchta</u><br>Aon <u>dhá</u> nóta tráchta ar mhionchoigeartú (nó feabhsúchán) nó breisiú (nó cur chun feidhme féideartha) nó foinse earráide, srl.<br>• Tuiscint ar fheabhas<br>• Tuiscint mhaith<br>• Tuiscint theoranta</td><td>(5) } × 2<br>(3)<br>(1)</td></tr>
</table>

**Critéir Mharcála do Obair Chúrsa B (Ardleibhéal) - FISIC**

| | **Treoir maidir le bronnadh marcanna** | |
|---|---|---|
| **Iomlán na Marcanna** | Déan fiosrúchán chun comparáid a dhéanamh idir iarmhairt chainníochtúil (a) athrú ar fhad an luascadáin, agus (b) athrú ar mhais an mhirleáin ar an luascadán, do pheiriad luascadáin shimplí (an fad a mhaireann ascalúchán amháin) agus é ag ascalú trí uillinn bheag. | **Bronnadh Marcanna** |
| **5** | **<u>Réamhrá leis an bhfiosrú</u>**<br><br>**1 (i) Ráiteas/aitheantas faidhbe/an t-ábhar le fiosrú**<br><br>**1 (ii) Taighde cúlra**<br>*Aon tagairt <u>amháin</u> do leabhar nó don idirlíon nó do dhuine a thug comhairle nó d'fhianaise de thaighde* | <br><br>(2)<br><br>(3) |
| **20** | **<u>Ullmhú agus pleanáil</u>**<br><br>**2 (i) Aithin aon athróga ábhartha agus rialuithe riachtanacha**<br>*Aithin <u>cúig</u> athróg (<u>trí</u> athróg éigeantacha & <u>dhá</u> athróg ar bith eile) agus/nó léirigh conas is gá cuid acu siúd a rialú nó a choinneáil seasta*<br><br>*Athróga éigeantacha*<br>• fad an luascadáin [ceadaigh fad na sreinge]<br>• mais an phuntáin [ceadaigh meáchan][ceadaigh mais/meáchan an luascadáin]<br>• tréimhse *nó* am ascalaithe (ascaluithe)<br><br>*Athróga eile (aon dhá cheann)*<br>• líon na n-ascaluithe áirithe<br>• an sreang a úsáideadh<br>• puntán *nó* cruth an phuntáin *nó* toirt an phuntáin<br>• uillinn an ascalaithe<br>• an modh leis an tsreang a cheangal leis an bpuntán *nó* an modh leis an tsreang a cheangal le pointe crochta an phuntáin<br>• an modh leis an bpuntán a scaoileadh<br>• teochta *nó* siorraí *nó* coinníollacha seomra *nó* imtharraingt<br><br>**2 (ii) Liosta an trealaimh atá ag teastáil le haghaidh an fhiosraithe**<br>*Aithin aon <u>chúig</u> phíosa trealaimh atá cuí don nós imeachta*<br><br>**2 (iii) Liosta na dtascanna le déanamh le linn an fhiosraithe**<br>*Aithin aon <u>cheithre</u> thasc a rinneadh san fhiosrú*<br>• faigh luascadán<br>• croch sreang *nó* luascadán ó phointe seasta<br>• cuir an luascadán ag ascalú<br>• tomhais am an ascalaithe (na n-ascaluithe)<br>• déan athuair ag faid éagsúla an luascadáin<br>• déan athuair ag maiseanna éagsúla an phuntáin<br>• breac síos *nó* graf na sonraí | (2 + 2 +2)<br><br>(2 + 2)<br><br>(1 + 1 + 1 + 1 + 1)<br><br>(1 + 1 + 1 + 2) |
| **20** | **<u>Nós imeachta, Fearas, Sábháilteacht, Bailiú Sonraí / Breathnóireachtaí</u>**<br><br>**3 (i) Réamhchúraim shábháilteachta**<br>*Aithin aon <u>dhá</u> réamhchúram sábháilteachta ar leith a cuireadh i bhfeidhm* | <br><br><br>(2 + 3) |

<table>
<tr><td></td><td>3 (ii) & (iii) An nós imeachta a úsáideadh san fhiosrú (luaigh nó taispeáin)<br><br>Aithin aon <u>seacht</u> gcéim a glacadh i ndéanamh an fhiosraithe<ul><li>ceangail sreang le puntán</li><li>croch luascadán ó phointe seasta</li><li>tomhais (breac síos) fad an luascadáin</li><li>tomhais (breac síos) mais an phuntáin</li><li>tomhais (breac síos) an uillinn scaoilte nó coinnigh an uillinn scaoilte beag</li><li>cuir an luascadán ag ascalú</li><li>glac an t-am do líon aitheanta ascaluithe ag baint úsáide as stopuaireadóir (amadóir) nó glac an t-am (na hamanna) d'ascalú amháin ag baint úsáide as geataí solais leictreonacha nó rud comhchosúil</li><li>breac síos (ríomh) an meán-am d'ascalú amháin</li><li>déan athuair ag faid éagsúla an luascadáin</li><li>déan athuair le puntáin ag maiseanna éagsúla</li><li>déan athuair chun na sonraí a dheimhniú</li><li>breac síos nó graf na sonraí</li></ul>3 (iv) Sonraí / Breathnóireachtaí a Taifeadadh<br>Aithin <u>dhá</u> thacar sonraí<ul><li>éifeacht le fad an luascadáin a athrú ar thréimhse (am an ascalaithe)</li><li>éifeacht le mais an phuntáin a athrú ar thréimhse (am an ascalaithe)</li></ul></td><td>(1 + 1 + 1 + 1)<br>+<br>(2 + 2 + 2)<br><br>(2 + 3)</td></tr>
<tr><td>20</td><td><u>Anailís</u><br><br>4 (i) Ríomhanna / Anailís ar Shonraí<br>Anailís ábhartha ar shonraí nó ar ríomhanna nó ar ghraf (ghraif)<ul><li>Ionramháil ar fheabhas de dhá thacar sonraí agus 3 phointe sonraí ar a laghad i ngach sraith ag baint úsáide as graif chruinne / ríomhanna cearta / ráitis soiléire ar anailís ar shonraí</li><li>Ionramháil mhaith de dhá thacar sonraí agus 3 phointe sonraí ar a laghad i ngach sraith ag baint úsáide as graif / ríomhanna / ráitis ar anailís ar shonraí neamhiomlána</li><li>Ionramháil theoranta de thacar sonraí amháin agus 3 phointe sonraí ar a laghad ann ag baint úsáide as graif / ríomhanna / ráiteas ar anailís ar shonraí</li></ul>4 (ii) Conclúid(í) agus Measúnú ar Thoradh (Thorthaí)<br>Conclúid(í) ábhartha bainte amach agus measúnú ar thoradh (thorthaí)<ul><li>Láimhseáil ar fheabhas (ráitis soiléire, tacaithe faoin dá thacar sonraí)</li><li>Láimhseáil mhaith (ráitis faoin dá thacar sonraí, nach bhfuil go hiomlán soiléir nó go hiomlán tacaithe)</li><li>Láimhseáil theoranta (ráitis soiléire, tacaithe faoi thacar sonraí amháin)</li></ul></td><td>(10)<br><br>(7)<br><br>(4)<br><br>Ach amháin má dhéantar iarracht ar 3(iv) agus/nó 4(i)<br>(10)<br><br>(7)<br><br>(4)</td></tr>
<tr><td>10</td><td><u>Nótaí Tráchta</u><br>Aon <u>dhá</u> nóta tráchta ar mhionchoigeartú (nó feabhsúchán) nó breisiú (nó cur chun feidhme féideartha) nó foinse earráide, srl.<ul><li>Tuiscint ar fheabhas</li><li>Tuiscint mhaith</li><li>Tuiscint theoranta</li></ul></td><td>(5)<br>(3) } × 2<br>(1)</td></tr>
</table>

**Critéir Mharcála do Obair Chúrsa B (Ardleibhéal) – FÉINFHIOSRÚ**

| | | |
|---|---|---|
| **10** | **Réamhrá leis an bhfiosrú**<br>**1 (i) Ráiteas/aitheantas faidhbe/an t-ábhar le fiosrú**<br>• Láimhseáil ar fheabhas<br>• Láimhseáil mhaith<br>• Láimhseáil theoranta<br><br>**1 (ii) Taighde cúlra**<br>*Aon dhá thagairt do leabhar nó don idirlíon nó do dhuine a thug comhairle nó d'fhianaise de thaighde* | <br><br>(6)<br>(4)<br>(2)<br><br><br><br>(2 + 2) |
| **40** | **Ullmhú agus pleanáil**<br>**2 (i) Aithin aon athróga ábhartha agus rialuithe riachtanacha**<br>*Aithin ocht athróg (dhá athróg éigeantacha – a dhéanann tagairt do theideal an fhiosraithe – agus sé athróg ar bith eile) agus/nó léirigh conas is gá cuid acu siúd a rialú nó a choinneáil seasta*<br>[Mura bhfuil athróga/rialuithe ábhartha do chineál an fhiosraithe a rinneadh, ceadaigh 6 mharc air sin a lua, agus ina dhiaidh sin athchoigeartaigh trealamh go dtí (8 × 2) agus tascanna go dtí (6 × 3)]<br><br>**2 (ii) Liosta an trealaimh atá ag teastáil le haghaidh an fhiosraithe**<br>*Aithin aon ocht bpíosa trealaimh atá cuí don nós imeachta*<br><br>**2 (iii) Liosta na dtascanna le déanamh le linn an fhiosraithe**<br>*Aithin aon sé thasc a rinneadh san fhiosrú* | <br><br>(4 + 4)<br>(6 × 2)<br><br><br><br><br><br><br>(8 × 1)<br><br>(6 × 2) |
| **40** | **Nós imeachta, Fearas, Sábháilteacht, Bailiú Sonraí / Breathnóireachtaí**<br>**3 (i) Réamhchúraim shábháilteachta**<br>*Aithin aon cheithre réamhchúram sábháilteachta ar leith a cuireadh i bhfeidhm*<br><br>**3 (ii) & (iii) An nós imeachta a úsáideadh san fhiosrú** *(luaigh nó taispeáin)*<br>*Aithin aon dhá chéim déag a glacadh i ndéanamh an fhiosraithe*<br><br>**3 (iv) Sonraí / Breathnóireachtaí a Taifeadadh**<br>*Aithin ocht bpointe sonraí* | <br><br>(4 × 2)<br><br><br>(4 × 1) + (4 × 2) +<br>(4 × 3)<br><br><br><br>(8 × 1) |
| **40** | **Anailís**<br>**4 (i) Ríomhanna / Anailís ar Shonraí**<br>*Dhá anailís ábhartha ar shonraí nó ar ríomhanna nó ar ghraf (ghraif)*<br>• Ionramháil ar fheabhas de shonraí<br>• Ionramháil mhaith de shonraí<br>• Ionramháil theoranta de shonraí<br><br>**4 (ii) Conclúid(í) agus Measúnú ar Thoradh (Thorthaí)**<br>*Dhá chonclúid ábhartha bainte amach agus measúnú ar thorthaí*<br>• Láimhseáil ar fheabhas<br>• Láimhseáil mhaith<br>• Láimhseáil theoranta | <br><br>(10)<br>(7) } × 2<br>(4)<br>**Ach amháin má dhéantar iarracht ar 3(iv) agus/nó 4(i)**<br>(10)<br>(7) } × 2<br>(4) |
| **20** | **Nótaí Tráchta**<br>*Aon cheithre nóta tráchta ar mhionchoigeartú (nó feabhsúchán) nó breisiú (nó cur chun feidhme féideartha) nó foinse earráide, srl.*<br>• Tuiscint ar fheabhas<br>• Tuiscint mhaith<br>• Tuiscint theoranta | <br><br><br>(5)<br>(3) } × 4<br>(1) |